**Coimisiún na Scrúduithe Stáit**
*State Examinations Commission*

***Scrúdú na hArdteistiméireachta, 2021***

# ***Staidéar Foirgníochta***

## ***Teoiric - Gnáthleibhéal***

***(150 marc)***

***Dé hAoine, 18 Meitheamh***
***Tráthnóna, 2:00 - 4:30***


***(a)*** *Freagair **trí** cheist **ar bith**.*
***(b)*** *Tá na ceisteanna go léir ar aon mharc.*
***(c)*** *Ní mór na freagraí a scríobh i ndúch.*
***(d)*** *Ní mór na líníochtaí agus na sceitsí a dhéanamh le peann luaidhe.*
***(e)*** *Scríobh uimhir na ceiste go soiléir roimh gach freagra ar leith.*
***(f)*** *Is cóir sceitsí néata saorláimhe a dhéanamh chun tuairiscí scríofa a léiriú.*
***(g)*** *Ní mór an t-ainm, na méideanna, na toisí agus na sonraí riachtanacha eile i gcás gach ábhair ar leith a luaitear a bhreacadh ar na líníochtaí.*

Rinneadh coigeartuithe ar scrúdpháipéir 2021 d'fhonn aon chur isteach ar an bhfoghlaim a tharla de bharr COVID-19 a chúiteamh. D'fhéadfadh sé nach bhfuil an struchtúr agus an leagan amach céanna ar an scrúdpháipéar seo is a bhí ar scrúdpháipéir i mblianta eile roimhe nó ina dhiaidh seo.

**1.** Sa sceitse taispeántar cuid den sceimheal ar dhíon claonta. Tá claonadh 30° sa díon gearrtha sclátaí. Tá an díon á iompar ar bhlocbhalla coincréite 400 mm ina bhfuil cuas láninslithe. Tá na sclátaí feistithe de chaolaigh 50 mm × 30 mm, ar scannán sceite, atá á n-iompar ar rachtaí 200 mm × 50 mm. 200 mm × 50 mm is ea toisí na ngiarsaí síleála agus tá plástarchlár feistithe de na giarsaí faoina mbun. Tá an díon ardinslithe ag leibhéal na ngiarsaí síleála.

**(a)** De réir scála 1:5, tarraing gearradh ceartingearach tríd an mballa seachtrach agus trí sceimheal an dín claonta. Taispeáin ar do líníocht na gnáthshonraí tógála ó leibhéal atá 400 mm faoi bhun an mhaide balla, tríd an mballa agus an sceimheal. Bíodh na chéad trí chúrsa sclátaí ag an sceimheal san áireamh.


Bíodh **trí** ghnáththoise san áireamh ar do líníocht.



**(b)** Taispeáin ar an líníocht conas fáil réidh leis an uisce báistí ag an sceimheal.

**2.** Is mian le lánúin óg urlár na talún ardinslithe a bheith acu ina dteach nua. Beidh leac urláir coincréite 100 mm san urlár na talún soladach, agus beidh bailchríoch d’ábhar oiriúnach urlárlaigh air.

**(a)** Liostaigh **dhá** bhuntáiste a bhaineann le hurlár na talún a thógáil ina bhfuil ardleibhéal inslithe.



**(b)** Agus nótaí agus sceitsí saorláimhe á n-úsáid agat, taispeáin modh oiriúnach **amháin** le hinsliú a chur in urlár na talún soladach an tí nua. Ainmnigh saghas agus tiús an inslithe.

**(c)** Ní mór don lánúin cinneadh a dhéanamh maidir le bailchríocha urláir dá dteach. Mol ábhar urlárlaigh oiriúnach don chistin plean oscailte, agus tabhair **dhá** chúis le do rogha.


**3.** Soláthraíonn an córas uisce poiblí uisce glan cóireáilte atá oiriúnach lena ól do theaghlaigh.

**(a)** Bain úsáid as léaráid aonlíneach a bhfuil lipéid uirthi agus taispeáin an phíbobair is gá chun **uisce fuar** a sholáthar ón bpríomhphíobán uisce do dhoirteal na cistine agus don umar stórála uisce.



Bíodh na nithe seo a leanas san áireamh i do sceitse:


- príomhphíobán uisce
- méadar uisce
- príomhphíobán ardaitheach
- píbobair go dtí doirteal na cistine
- umar stórála inslithe don uisce fuar
- na comhlaí riachtanacha uile.



**(b)** Pléigh **dhá** bhuntáiste a bhaineann le meadar uisce a shuiteáil.

**4.** Sa sceitse taispeántar dearadh i gcomhair teach cónaithe atá le tógáil i mbaile. Tá sé i gceist ag an úinéir cead pleanála a lorg chun an teach cónaithe a thógáil.

**(a)** Pléigh **dhá** chúis ar gá cead pleanála a lorg chun teach cónaithe nua a thógáil.




**(b)** Bain úsáid as nótaí agus sceitsí saorláimhe agus déan cur síos ar an eolas nach mór a bheith i **ngach** ceann de na doiciméid seo a leanas:

- fógra láithreáin
- léarscáil de shuíomh an láithreáin.

**(c)** Pléigh buntáiste **amháin** agus míbhuntáiste **amháin** a bhaineann le teach cónaithe a thógáil i mbaile.

**5.** Sa sceitse taispeántar cuid d'fhuinneog adhmaid a bhfuil gloiniú triarach inti. Tá an fhuinneog feistithe i mblocbhalla coincréite 400 mm ina bhfuil cuas láninslithe. Tá an balla rindreáilte ar an dá thaobh. Tá na toisí 120 mm × 80 mm ag fráma feistithe na fuinneoige agus tá briseadh teirmeach ann.

**(a)** De réir scála 1:5, tarraing gearradh ceartingearach tríd an mballa seachtrach agus tríd an gcuid íochtarach den fhuinneog. Taispeáin na gnáthshonraí tógála ó leibhéal atá 400 mm faoi bhun leac choincréite na fuinneoige go dtí leibhéal atá 300 mm os a cionn.



Bíodh **trí** ghnáth-thoise san áireamh ar do líníocht.

**(b)** Taispeáin ar do líníocht an ghnáth-shonraíocht dearaidh chun teacht isteach uisce a chosc ag leac na fuinneoige.

**6.** **(a)** Bain úsáid as sceitse mór saorláimhe agus taispeáin an comhartha sábháilteachta do **gach** ceann de na píosaí trealaimh cosanta pearsanta *(PPE* i mBéarla*)* seo a leanas:

- veist shofheicthe
- buataisí sábháilteachta
- clogad sábháilteachta.




Tabhair cúis shonrach **amháin** gur cóir gach píosa trealaimh cosanta pearsanta a luaitear thuas a chaitheamh.

**(b)** Déan cur síos ar **dhá** riosca a d'fhéadfadh a bheith ann d'oibrithe tógála nuair a bhíonn siad ag obair i dtrinse domhain.

**(c)** Bain úsáid as nótaí agus sceitse saorláimhe agus déan cur síos ar réamhchúram sábháilteachta **amháin** nach mór d'oibrithe a chomhlíonadh nuair a bhíonn siad ag obair i dtrinse domhain ar láithreán tógála.

**7.** Taispeántar dréacht-dhearadh de leagan amach le haghaidh seomra suí agus cistin atá taobh leis i dteach cónaithe nua. Tá suíomhanna na bhfuinneog agus an dorais san áireamh.



**(a)** Tarraing sceitse mór saorláimhe den dearadh a thugtar, agus taispeáin ar an sceitse conas a d'fhéadfaí an chistin a rochtain go díreach ón seomra suí.

Pléigh buntáiste **amháin** a bhaineann le rochtain dhíreach a sholáthar go dtí an chistin ón seomra suí.

**(b)** Taispeáin ar an sceitse an suíomh is rogha leat sa seomra suí do **gach** ceann díobh seo a leanas:

- *tolg (3 shuíochán)*
- *tolg (2 shuíochán)*
- *sorn*
- *teilifíseán*.


Tabhair fáth **amháin** le **gach** suíomh acu a roghnú.

**(c)** Pléigh buntáiste **amháin** a bhaineann le sorn a dhónn adhmad a chur isteach i seomra suí nua-aimseartha.

**8.** Mínigh, le cabhair nótaí agus sceitsí saorláimhe, **cúig** cinn ar bith díobh seo a leanas:

- droicheadú giarsaí
- líníocht oibre
- díonléas
- treisiú cruach
- caidéal teasa
- maide mullaigh
- alt briosca
- teirmeastat seomra
- rátáil fuinnimh foirgnimh.

**9.** Sa sceitse taispeántar spás maireachtála amuigh faoin aer ar chúl tí cónaithe. Baineadh úsáid as deicre bogadhmaid ar ghiarsaí adhmaid chun an spás a thógáil.



**(a)** Ainmnigh bailchríoch fhorchurtha oiriúnach chun an deicre a chaomhnú agus tabhair **dhá** chúis le do rogha.

**(b)** Ní mór an spás amuigh faoin aer a athchóiriú ionas gur féidir le muintir an tí an spás a úsáid i rith na bliana.

Agus nótaí agus sceitsí saorláimhe á n-úsáid agat, taispeáin **dhá** athrú ar an spás amuigh faoin aer a d'fhágfadh go bhféadfaí é a úsáid i rith mhíonna an gheimhridh.

**(c)** Pléigh **dhá** bhuntáiste do mhuintir an tí a bhaineann le spás maireachtála amuigh faoin aer a thógáil.